

## Bileog 1.1b

**Foinse:** Vifax Ardleibhéal (<http://vifax.nuim.ie/>)

**Dáta:** 11 Samhain 2014

### Éimear Ní Chonaola

Tá Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins, An Taoiseach agus go leor eile ag cásamh bhás an iar-chraoltóra, an údair agus an staraí Brian Farrell, a bhásaigh inniu in aois a chúig bliana agus ceithre scór. Chaith sé níos mó ná dhá scór bliain i mbun cúrsaí reatha agus polaitíochta in RTÉ, chomh maith le bheith ina údar agus ina Chomhollamh le Rialtas agus le hEolaíocht Pholaitiúil in UCD.

### Ruairí Mac Con Iomaire

Le dhá scór bliain anuas bhí Brian Farrell báite agus snoite go smior ag clúdach polaitíochta RTÉ. Idir olltoghcháin, sochraidí stáit, nach mór chuile mhór-ócáid náisiúnta sa tír go deimhin, ó 1962 i leith bhí ról lárnach aige sa chlúdach oilte, cuimsitheach a deineadh<sup>1</sup> orthu. Anuas ar chraoltaí lá buiséid agus aimsir olltoghcháin is mar phríomhláithreoir an chláir *Today Tonight* seans is mó a bheidh cuimhne air.

### Seán Ó Tuairisg, Iar-chomhghleacaí

Bhí an buneolas istigh ina chloigeann aige ón tús. Bhuel, rinne sé staidéar ar chúrsaí polaitíochta san ollscoil agus ba staraí é freisin. Agus chuaigh sé i mbun cláranna<sup>2</sup> polaitíochta ar an teilifís go hanghairmiúil ar fad agus ní raibh píosa taighde ar bith a d'fhéadfá a fháil nach raibh déanta ag Brian agus nach roinnfeadh sé le chuile dhuine a bheadh ag obair in éineacht leis freisin. B'in rud mór faoi – fear fial flaithiúil a bhí ann.

### Ruairí Mac Con Iomaire

Bhí sé freisin ina Chomhollamh le Rialtas agus le hEolaíocht Pholaitiúil, UCD. Údar suntasach a bhí leis ann agus lear mór scríofa aige faoin bpolaitíocht. Ina measc, *Chairman or Chief*, *Seán Lemass* agus *The Sounding of Dáil Éireann*. Maireann a bhean, Marie-Therese, agus seachtar clainne dá chuid.

## Bileog 1.4

**Foinse:** RnaG (ar fáil ag: [01\\_04.mp3](#))

**Clár:** An Saol ó Dheas

**Dáta:** 01 Deireadh Fómhair 2008

### Láithreoir

Ach fós ag plé le cúrsaí ríomhaireachta, tá fear tagtha isteach anseo go bhfuil cur amach nach beag aige ar chúrsaí ríomhaireachta le fada an lá mar go deimhin bhí sé chun tosaigh ar mhórán daoine ó thaobh na ríomhaireachta agus na Gaolainne. Is cuimhin liom é ag caint blianta fada ó shin ar *Minitel*. Ach d'imigh *Minitel* is dócha, ó thaobh na tíre seo ach go háirithe. Sin é Breandán Ó Cíobháin - fáilte romhat a Bhreandáin.

### Breandán Ó Cíobháin

Go raibh maith agat.

### Láithreoir

An fáth go dtugamar cuireadh duit teacht isteach inniu ná go bhfuil suíomh idirlín eile á sheoladh ag an Aire Ó Cuív, Éamon Ó Cuív, inniu i mBaile Átha Cliath, sin an suíomh [logainm.ie](http://logainm.ie) agus eolas nach beag agatsa ar na logainmneacha. Cad a déarfá leis an suíomh nua seo?

### Breandán Ó Cíobháin

<sup>1</sup> *rinneadh* atá sa Chaighdeán Oifigiúil

<sup>2</sup> *cláir* atá sa Chaighdeán Oifigiúil

Mmm...féachann sé go deas agus...

**Láithreoir**

Beidh sé an-áisiúil ag lucht na Gaolainne dáiríre, teacht ar na leaganacha cearta de na logainmneacha, abair.

**Breandán Ó Cíobháin**

Is mór an dul chun cinn é ach caithfidh mé a rá nach bhfaighidh siad an leagan ceart i gcónaí. Ach sin scéal eile. Ba mhaith liom an suíomh a mholadh ar an gcéad dul síos. Is maith ann é agus mar a deir<sup>3</sup> tú, is iontach an áis ar fad a leithéid a bheith ag daoine.

**Láithreoir**

Mar, ní raibh a leithéid ann dáiríre, agus cad a bhí ar fáil ach *An Gasaitéar* agus cé go raibh sé sin go maith, abair, bhí sé an-teoranta<sup>4</sup>. Tá sé seo i bhfad níos leithne, an bhfuil?

**Breandán Ó Cíobháin**

Bhuel, tá súil le Dia agam go n-úsáidfidh daoine anois é mar do bhí áiseanna cheana ann agus níor úsáideadh iad mar a deireann tú – *An Gasaitéar* agus liosta post oifigí agus a leithéid sin ar fad. Á...is dócha go bhfuil a lán le tabhairt faoi ndeara ann. Ní maith liom a bheith á lochtú ach tá bearnaí móra ann nach léir do dhuine go dtí go gliceann sé ar nasc agus níl faic ar an dtaobh eile. *Now*, deir siad, an dtuigeann tú, go bhfuil an rud ag dul ar aghaidh agus *you know*, caithfear tuiscint leis sin.

**Láithreoir**

Glacaimid leis, gan amhras, nach bhfuil sé críochnaithe.

**Breandán Ó Cíobháin**

Ach mar sin féin, mar sin féin, nuair a chliceann tú i ndiaidh a chéile agus nach bhfuil faic agat i ndiaidh a chéile...

**Láithreoir**

Bheadh amhras ort, abair. Abair, tá a fhios agam gur féidir dul isteach ar an suíomh seo anois agus ainm áite a lorg. Dheineas féin é cúpla turas, abair, bhí sé déanta cheana agam leis an bhfrinne, ach rudaí ar nós, tá áit ansin ar an slí isteach go Trá Lí – *Bunawonder*, agus cuireann sé iontas i gcónaí orm cén saghas ainm é. ‘Bun an Bhundair’ atá tugtha ar [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie) agus atá ar an gcomhartha bóthair chomh maith. Ní thuigim fós cén bunús atá leis, ach is cuma sin.

---

<sup>3</sup> *deireann tú* a deirtear

<sup>4</sup> *ana-theoranta* a deirtear